Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Eanáir 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0009(COD)**

**5304/22**
**ADD 3**

**CORDROGUE 2**
**SAN 24**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 9 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 9 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 9 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2022
SWD(2022) 9 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí**

{COM(2022) 18 final} - {SEC(2022) 45 final} - {SWD(2022) 8 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Dhrugaí (athbhreithniú ar shainordú an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, i.e. Rialachán (CE) 1920/2006) |

| A. An gá atá le beart |
|---|
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí in 1993 agus rinneadh athmhúnlú ar a Rialachán bunaidh in 2006 (Rialachán (CE) 1920/2006). In 2018/19 rinne an Coimisiún an mheastóireacht is déanaí air (COM(2020) 228). Cuireann sainmhíniú na faidhbe le torthaí an mheastóireachta agus tugann sé aghaidh ar easnaimh a d'ardaigh príomhpháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta. 25 bliana ó shin, ba ghá sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun tuairisc a thabhairt ar staid na ndrugaí san Eoraip agus ar a hiarmhairtí, ach sa lá atá inniu ann tá anailís fíor-ama ag teastáil ó pháirtithe leasmhara freisin maidir le dúshláin atá ag teacht chun cinn mar aon le comhairle ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhíonn ag athrú go tapa, amhail substaintí sícighníomhacha nua a bheith ag teacht isteach san Aontas, rud atá níos contúirtí don tsláinte (phoiblí) agus a chruthaíonn ábhair imní slándála nua freisin. Tá níos mó tacaíochta agus faisnéise ag teastáil ó lucht ceaptha beartais chun roghanna eolacha a dhéanamh agus chun freagairtí leordhóthanacha a chur ar fáil. Ní féidir leis an nGníomhaireacht tacaíocht leordhóthanacha a chur ar fáil do na Ballstáit agus ní bhaintear an leas is mó is féidir as an líonra de phointí fócasacha náisiúnta na Gníomhaireachta (Reitox). Ar deireadh, níl an ghné idirnáisiúnta d'obair na Gníomhaireachta sainmhínithe go leordhóthanach. Le haghaidh chur chun feidhme Straitéis AE nua um Dhrugaí 2021-2025 a úsáideann cur chuige fianaise-bhunaithe i leith beartas drugaí, is ríthábhachtach an fhaisnéis a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is éard is cuspóir ginearálta don thionscnamh, a áirithiú go bhfuil an Ghníomhaireacht oiriúnach dá feidhm agus go bhfuil na huirlisí iomchuí aici chun déileáil leis na dúshláin a bhaineann le drugaí san Aontas, rud as a dtiocfaidh gníomhaíocht iomchuí agus tacaíocht ón Aontas agus ó na Ballstáit. Athbhreithnithe spriocdhírithe a bheadh san athbhreithniú atá beartaithe ar an sainordú. Ba cheart dó sainordú na Gníomhaireachta a shoiléiriú a mhéid a bhaineann lena raon feidhme gníomhaíochta (go háirithe na substaintí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu); feabhas a chur ar a hacmhainneacht freagairt ar bhealach níos tapa agus níos spriocdhírithe do dhúshláin agus do bhagairtí atá ag teacht chun cinn; faireachán agus anailís ar fheiniméan na ndrugaí a dhoimhniú; tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit; agus an ghné idirnáisiúnta d'obair na Gníomhaireachta a shoiléiriú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá tionchar ag feiniméan na ndrugaí ar mhuintir na hEorpa go léir agus tá gné thrasteorann agus domhanda ag baint leis. Is iomaí dúshlán coiteann atá ann a bhaineann leis na Ballstáit ar fad, ar thaobh an éilimh ar dhrugaí agus ar thaobh an tsoláthair araon. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta amháin toisc go gcruthófaí ilroinnt de thoradh an chur chuige sin, agus foghlaimíonn Ballstáit óna chéile trí thaithí agus dea-chleachtais a roinnt. Le gníomhaíocht an Aontais, cuirfear bealach éifeachtach éifeachtúil ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Cinneadh gan tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an rogha bheartais neamhreachtach (comhar breise) |

ná ar an rogha maidir leis an Ghníomhaireacht a bhaint as a chéile nó a chumaisc, toisc nach rachadh siad sin i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh.

Athbhreithniú spriocdhírithe ar an sainordú is ea an rogha thosaíochta. Chun freagairt don iarraidh ó chuid de na páirtithe leasmhara ar raon feidhme na Gníomhaireachta a leathnú chun cineálacha andúile eile a chumhdach, rinneadh anailís ar an gceist ach ba é conclúid an mheasúnaithe tionchair gur cheart gurbh iad na drugaí príomhfhócas na Gníomhaireachta i gcónaí. Mar sin féin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar úsáid ilsubstaintí. Ba cheart soláthair drugaí agus na margaí drugaí a bheith i raon feidhme téamach na Gníomhaireachta freisin. Chun anailís níos aclaí agus níos réamhbhreathnaithí a chur ar fáil, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais na Gníomhaireachta ó thaobh faireacháin de agus ó thaobh measúnú a dhéanamh ar bhagairtí. Chun eolas agus foláirimh a thabhairt don phobal go tapa faoi bhagairtí atá ann i roinnt de na Ballstáit, ba cheart don Ghníomhaireacht tacú le forbairt feachtas agus foláireamh ar leibhéal an Aontais, sin nó iad a fhorbairt í féin. Chun bonn faisnéise na Gníomhaireachta a mhéadú ba cheart sainlíonra saotharlann a chur ar bun. Ba cheart sainordú na bpointí fócasacha náisiúnta a neartú chun gur fearr is féidir a n-inniúlachtaí a úsáid chun tacú leis an nGníomhaireacht agus chun na hathruithe atá le tabhairt isteach i sainordú na Gníomhaireachta a léiriú. Ar deireadh ba cheart an ghné idirnáisiúnta d’obair na Gníomhaireachta a shoiléiriú ar bhealach níos fearr.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Na príomhpháirtithe leasmhara, i.e. lucht ceaptha beartais náisiúnta agus Eorpacha, tacaíonn siad le sainordú na Gníomhaireachta a neartú agus sin rud a iarrann siad féin fiú. I Straitéis nua AE um Dhrugaí a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2020, iarrtar go sainráite ar an gCoimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an sainordú a chur i láthair a luaithe is féidir. Cuid de na Ballstáit a bhfuil straitéisí andúile níos forleithne acu, ba mhian leo sainordú níos forleithne le haghaidh na Gníomhaireachta. I gcás na mBallstát eile tá creat acu le haghaidh na ndrugaí amháin agus bheidís sásta leis an sainordú atá ann faoi láthair agus soiléiriú maidir le húsáid ildrugaí ag gabháil léi. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé conspóideach ag cuid de na Ballstát critéir íosta a shocrú le haghaidh na bpointí fócasacha náisiúnta toisc go bhféadfadh sé go measfaidís go bhfuil sé sin ag cur isteach ar a sainchumais. Mar sin féin, bheadh gá leis na critéir sin chun cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud na hEorpa agus chun a áirithiú go soláthrófar sonraí don Ghníomhaireacht.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na buntáistí a bhaineann leis na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cé na buntáistí a bhaineann leis na príomhroghanna)?**

Chuirfeadh an rogha thosaíochta le beartais agus gníomhaíochtaí a bhfuil bunús eolais níos fearr leo; sin rud as a dtiocfadh freagairtí Eorpacha (agus náisiúnta) ní b’éifeachtúla ar fheiniméan na ndrugaí san Aontas. Bheadh sin ina rannchuidiú mór le freagairt éifeachtach fianaise-bhunaithe ar fheiniméan na ndrugaí, ó thaobh na sláinte agus na slándála araon de. Bheadh sainordú na Gníomhaireachta dírithe fós ar fhaireachán agus ar thacaíocht a thabhairt don Aontas agus a Bhallstáit go príomha, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Le hathbhreithniú spriocdhírithe den sórt sin ar shainordú na Gníomhaíochta, bheadh ullmhacht ní b’fhearr ann ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta a mhéid a bhaineann leis na bagairtí nua atá ag dul i méid i réimse na ndrugaí.

**Cad iad costais na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

D’éileodh an rogha thosaíochta treisiú na n-acmhainní airgeadais agus daonna thar na hacmhainní a cuireadh in áirithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAE) 2021-2027. Meastar go mbeidh buiséad breise thart ar EUR 51 go 63 mhilliún agus thart ar 40 post bunaíochta breise ag teastáil le haghaidh na tréimhse CAI nua.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

| |
|---|
| Ní bheidh aon tionchar díreach ar ghnólachtaí, FBManna agus micrifhiontair. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach indíreach ag an athbhreithniú trí theorainn a chur le caillteanas daonchumhachta sa gheilleagar i ngeall ar úsáideoirí drugaí nach bhfuil in ann obair a dhéanamh nó a chur ar fáil chomh maith agus is féidir leo, agus trí chur isteach ar ioncam na ngrúpaí coireachta eagraithe. |
| An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta? |
| Cé go dtiocfadh méadú ar chúraimí agus freagrachtaí na Gníomhaireachta de thoradh na rogha tosaíochta, ar an iomlán, chuirfeadh an tionscnamh le laghdú ar an ualach riaracháin agus le simpliú na nósanna imeachta riaracháin, go háirithe sna Ballstáit. Is é an príomhfhachtóir a rannchuidíonn leis sin an cuíchóiriú agus an lárú atá beartaithe maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe. I ngeall ar an easpa sonraí maidir leis na cistí atá ar fáil le haghaidh beartas drugaí, ní féidir tionchar an tsimplithe agus an laghdaithe ualaigh a chainníochtú. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Ní bheidh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| I gcomhréir leis an gcur chuige coiteann, áireofar sa Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht meastóireacht sheachtrach ar an nGníomhaireacht a bheidh le déanamh gach 5 bliana. |